# AN MARCACH ÓG

Séideán Sí



Pádraig Ó Baoighill

Peter Donnelly a mhaisigh

# An Marcach Óg



Pádraig Ó Baoighill
Peter Donnelly a mhaisigh

An Gúm
Baile Átha Cliath

An chéad eagrán 2009

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2009
Athchló 2011

Obair ealaíne © Peter Donnelly

ISBN 978-1-85791-762-8

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

Pádraig Ó Baoighill a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly

Turner's Printing Co. Teo. a chlóbhuail in Éirinn

*Le fáil tríd an bpost uathu seo:*

An Siopa Leabhar,
6 Sráid Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.
*ansiopaleabhar@eircom.net*

*nó*

An Ceathrú Póilí,
Cultúrlann Mac Adam-Ó Fiaich,
216 Bóthar na bhFál,
Béal Feirste BT12 6AH.
*leabhair@an4poili.com*

*Orduithe ó leabhardhíoltóirí chucu seo:*

Áis,
31 Sráid na bhFíníní,
Baile Átha Cliath 2.
*eolas@forasnagaeilge.ie*

*nó*

International Education Services
Eastát Tionsclaíoch Weston,
Léim an Bhradáin,
Co. Chill Dara.
*info@iesltd.ie*

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

## Clár


1 Diúltú 5

2 Trialacha 10

3 Argóint 15

4 Na Stáblaí 23

5 Timpiste 30

6 Tábhairne an Tairbh Dhuibh 37

7 Iontach Sásta 41



# 1 Diúltú

Bhí Dónall Óg Ó Scolláin ag ceangal a chuid bróg ag an tinteán i ndiaidh an bhricfeasta. Ba chosúil go raibh rud éigin ag dó na geirbe aige.

'A Mháthair,' ar seisean ar deireadh, 'beidh trialacha capall i gCoill na Baice inniu.'

D'amharc sé suas uirthi agus a shúile lán de dhóchas.

'Ba mhaith liom dul ann le Séarlaí.'

Bhí Máire Rua ag ní soithí an bhricfeasta, í gnóthach, mar ba ghnách.

'Ní bheidh tusa ag dul go Coill na Baice inniu, a mhic ó,' a dúirt sí, gan tiontú ón doirteal. 'Bain an scoil amach anois chomh tiubh géar agus a thig leat.'

'Ach, a Mháthair,' arsa Dónall, agus na deora ag teacht leis dá ainneoin féin, 'beidh

an Traenálaí Mór ann. Dá bhfeicfeadh sé mé ag marcaíocht!'

'Gasúr dhá bhliain déag ag caint mar sin! Caithfidh tú suim a chur sna leabhair scoile ar dtús. Ansin is féidir leat smaoineamh ar na capaill. Ar aghaidh leat chun na scoile!'

Nuair a shocraíodh Máire Rua a hintinn bhí sé deacair a hathrú. Thriomaigh sí a lámha agus amach léi go dtí an líne éadaí.



Chuir Dónall liobar air féin. Tharraing sé an mála leabhar go tromchroíoch aniar ar a ghualainn agus d'imigh sé an doras amach. Shiúil sé leis go malltriallach bóthar theach na scoile. Ar ndóigh, ní ar an scoil a bhí Dónall ag smaoineamh ach ar thrialacha capall Choill na Baice.

Bhí croí Dhónaill Óig sna capaill. Bhí sé sa ghlóir an lá a thug a athair, Sean-Dónall, agus a uncail, Séarlaí, chuig na rásaí é den chéad uair. Ba mhó arís a lúcháir nuair a fuair sé Beití, a phónaí féin. Ní raibh claí ná sceach ó Dhroichead Thuama go Port Chluain Eoghain nár léim Dónall lena phónaí liath.

Bhí Séarlaí ina mharcach mór tráth den saol agus bhí sé ina laoch ag Dónall. Bhí a fhios ag Dónall go mbeadh Séarlaí ag dul chuig na trialacha capall i gCoill na Baice an lá sin agus thabharfadh sé a dhá shúil ach a bheith leis. Mheas sé go dtiocfadh leis a thaispeáint don Traenálaí Mór i gCoill na Baice go raibh sé ábalta capall a láimhseáil

agus go ndéanfadh sé marcach ar dóigh.

Maidin álainn ghrianmhar a bhí ann agus Dónall Óg ag triall go drogallach ar an scoil. Nár bhreá leis dul chuig trialacha capall lá mar é! Nuair a chonaic sé uaidh teach Shéarlaí ba mhó fós an fonn a bhí air casadh ar dheis ag an gcrosbhealach in áit dul díreach ar aghaidh i dtreo na scoile. Rinne sé gach iarracht an smaoineamh a ruaigeadh as a cheann mar go raibh a fhios aige go mbeadh a mháthair ar mire leis mura rachadh sé ar scoil. Ach faoin am ar tháinig sé a fhad leis an chrosbhealach bhí an cinneadh déanta aige. Thiontaigh sé ar dheis, chuir sé a mhála scoile i bhfolach i gcúl claí agus d'imigh sé de rith, mar a bheadh giorria ann, ag tarraingt ar stábla a uncail Séarlaí.


BALLYNASSA
2

# 2 Trialacha

'Níl tú ag dul ar scoil inniu?' arsa Séarlaí leis nuair a chonaic sé Dónall ag déanamh air.

'Níl,' arsa Dónall. 'Deir Mamaí go bhfuil cead agam dul chuig na trialacha capall leatsa.'

Níor mhaith le Dónall bréag a insint ach cad eile a d'fhéadfadh sé a rá le Séarlaí? Dá n-inseodh sé an fhírinne dó chuirfeadh Séarlaí láithreach bonn chun na scoile é.

'Maith go leor,' arsa Séarlaí. 'Tú féin agus mé féin, mar sin. Seo linn go Coill na Baice!'

Léim Dónall ar dhroim an chapaill dhuibh a fhad is a d'fheistigh Séarlaí an capall bán dó féin. Agus nach é Dónall a bhí bródúil agus é ag marcaíocht feadh bhruach na Banna lena uncail agus aer fionnuar na maidine ag cur spriolladh iontu.



Thosaigh na trialacha capall ar bhomaite a deich. Cliathrás a bhí ann ar dtús. Sa rás seo bheadh ar na capaill rith agus léim thar chlaíocha. Ba é seo an seans a raibh Dónall ag súil leis. Bhí na stócaigh eile níos sine ná é, ach bhí Dónall Óg iontach maith i mbun capaill. Bhuaigh sé an cliathrás gan mórán dua.



Tamall i ndiaidh an rása bhí Dónall ag déanamh a scíthe ar chlaí agus é ag baint lán na súl as an radharc a bhí os a chomhair amach. Bhí capaill de gach sórt ann as áiteanna ar fud na tíre. Cad é a chí sé ansin ach Traenálaí Mór Choill na Baice agus é ag caint le Séarlaí. D'amharc siad beirt ar Dhónall agus thosaigh siad a shiúl ina threo. Léim Dónall ina sheasamh agus bhain sé a chaipín de.

'Bulaí gasúir!' arsa an Traenálaí mór, agus é ag bualadh boise sa ghualainn ar Dhónall. 'Is ábhar maith marcaigh tú. Níl dabht ar bith faoi sin. Tá post anseo duit sna stáblaí más maith leat é. Beidh tú ag obair trí thráthnóna sa tseachtain ar sheacht scillinge.'

Las aghaidh Dhónaill go barr na gcluas.

'Go raibh maith agat, a dhuine uasail! Go raibh céad maith agat!'

Nuair a d'imigh an Traenálaí leis rug Dónall agus a uncail greim láimhe ar a chéile agus chroith go croíúil. Ansin tháinig smúit



ar ghnúis Dhónaill.

'Ach cad é a déarfaidh mo mháthair?' ar seisean agus imní ina ghlór.

'Ná bí buartha,' arsa Séarlaí ag déanamh gáire. 'Pléifidh mise an scéal le do mháthair. Is í a bheas sásta nuair a bheas tú i do mharcach déanta agus tú ag saothrú airgid di as seo amach.'

# 3 Argóint

Bhí Dónall Óg amuigh ag an fhuinneog, ag cúléisteacht lena mháthair ag sceamhlaigh istigh sa chistin.

'Tá rásaí capall i bhfad róchontúirteach,' arsa Máire Rua. 'Dia ár sábháil! Léimeann mo chroí nuair a thiteann na marcaigh agus na capaill ina mullach. Nach raibh Séarlaí seo againne sa bhaile sé mhí le cnámha briste tá fiche bliain ó shin!'

Bhí Sean-Dónall ina shuí ag an tine, páipéar nuachta ar a ghlúin aige agus é ag scrúdú leathanach na gcapall. Ní minic a chuireadh sé in éadan bhean an tí. Ach chonacthas dó gur cheart dó labhairt an iarraidh seo. Bhain sé na gloiní dá shrón agus labhair sé go ciúin séimh.

'A thaisce, is iomaí sin duine a bhíonn



páirteach i rásaí capall. Agus níor gortaíodh Séarlaí chomh holc sin agus é sna céadta rás i rith a shaoil. Amharc an t-airgead atá déanta aige. Tá saol an mhadaidh bháin anois aige, feirm bheag sheascair agus stáblaí aige i mBaile an Easa.'

Chroith Máire a ceann agus chaith an cheirt a bhí ina lámh ar an tábla.

'Tá an malrach sin againne ró-óg. Ar scor ar bith, cad é fán scoil? Nach bhfuil an máistir á rá go mbeadh seans aige scoláireacht a fháil go dtí Coláiste Choilm i nDoire ach staidéar a dhéanamh?'

Nuair a chuala Dónall Óg caint na máthar tháinig cnap crua ina scornach. Bhí an imní ag dul go croí ann nach ligfeadh a mháthair dó dul go Coill na Baice ag obair. Thóg sé a chamán ó chúl an tí agus d'imigh síos an pháirc ag greadadh an chnaig roimhe.

Rinne sé tamall iomána. Ansin, chuaigh sé anonn chuig páirc eile, áit a raibh a phónaí liath féin. Shlíoc sé moing an phónaí go



séimh. Smaoinigh sé ar na laethanta fada a chaith sé sa diallait, ag léim thar chlaí agus sceach trasna na bpáirceanna, mar a bheadh an ghaoth Mhárta ann. Ar amharc suas dó, chonaic sé ceangailte i gcúl an tí capall dubh Shéarlaí, an capall ar bhuaigh sé an cliathrás i gCoill na Baice leis. Bhí sé ag ithe coirce agus ag croitheadh a chinn san aer. Ba léir go raibh Séarlaí tagtha ar cuairt. Léim croí Dhónaill. Bheadh a uncail ábalta a chur ina luí ar a mháthair gur chóir seans a thabhairt dó dul ag obair i gCoill na Baice.

Ba é Séarlaí an t-aon deartháir amháin a bhí ag máthair Dhónaill agus bhí meas mór aici air. Thug Séarlaí obair d'athair Dhónaill nuair a tháinig seisean ar ais ó Albain aimsir an chogaidh. Fear beag anbhann a bhí i Sean-Dónall nach raibh in ann d'obair throm seachas giollacht a dhéanamh ar na capaill. Ach bhí sé eolach go maith ar chapaill rása mar go raibh na blianta fada caite aige ag obair mar chléireach oifige i ráschúrsa mór in Albain. Bhí sé ráite go raibh go leor airgid buaite aige ar na capaill, cé go ndeireadh a bhean go raibh go leor caillte aige orthu fosta.

'Ní chreidim, a Shéarlaí, go bhfuil Traenálaí Mór Choill na Baice sásta gasúr óg mar seo a fhostú,' a dúirt Máire Rua.

'Ach gheall sé post dó, a Mháire, agus is fear ionraic é George Brown,' arsa Séarlaí.

'Muintir Choill na Baice!' arsa Máire. 'Níor cheart dár leithéidne baint ná páirt a bheith againn leo. Dream garbh coimhthíoch

atá iontu.'

'B'fhéidir é, ach is dream dá bhfocal iad,' arsa Séarlaí.

Ní raibh Máire Rua buailte go fóill.

'Tá go leor rudaí fiúntacha le déanamh ag Dónall Óg sa bhaile, go háirithe agus a athair mar atá sé.'

Chuala Dónall an chuid dheireanach den chaint agus é ar a bhealach isteach. Chuir sé féin a ladar isteach.

'Beidh mé in ann mo chuid oibre a dhéanamh sa bhaile go fóill. Ar ndóigh, ní bheidh ach trí thráthnóna sa tseachtain le déanamh agam.'

'Cad é fán obair scoile? Nach bhfuil scoláireacht go dtí Coláiste Choilm ag an Máistir Mac an tSaoir duit?' a d'fhiafraigh a mháthair agus an dá dhorn ar a cromán aici.

'Déanfaidh mé staidéar san oíche.'

'Staidéar!'

Chroith an mháthair a ceann agus

d'ardaigh a súile chun na spéire.

'Ní thig leat an dá thrá a fhreastal, a mhic.'

Bhí a fhios ag Dónall ina chroí istigh go mbeadh sé deacair go leor an scoláireacht a bhaint amach fiú agus é ag déanamh staidéir ar theann a dhíchill. Ach bheadh sé ionann is dodhéanta agus é ag obair trí thráthnóna sa tseachtain. Ba bheag an spéis a bhí aige, i ndáiríre, dul go dtí scoil chónaithe i bhfad ó bhaile. Ní raibh ar a iúl ach a bheith ina mharcach. Ní fhéadfadh sé sin a rá lena mháthair, ar ndóigh.

'Tá mé cinnte go mbeidh Mr Brown sásta cúpla seachtaine saoire a thabhairt dom aimsir an scrúdaithe,' a dúirt sé go tapa.

'Beagán seanchainte uait,' a dúirt an mháthair agus í anois ag éirí gairgeach.

Thug an t-uncail leid don ghasúr dul amach. Bhain sé fada go leor as Séarlaí a chur ina luí ar Mháire gur cheart di cead a chinn a thabhairt do Dhónall Óg. I ndiaidh di go

leor gearán a dhéanamh ghéill sí sa deireadh. Níor mhaith léi a deartháir a dhiúltú.

'Thig leis triail a bhaint as go ceann tamaill ach é staidéar a dhéanamh sa bhaile agus cuidiú lena athair. Sin sin!'

# 4 Na Stáblaí

Bhí an Traenálaí Mór ag fanacht le Dónall sa chlós. Fear mór láidir ba ea é, aghaidh dhearg air agus gach aon gháire aige. Bhí glór mór garbh aige agus blas na hAlban ar a chuid cainte. Chuir sé fáilte chroíúil roimh Dhónall.

'Bulaí gasúir atá ionat, a bhuachaill! Bulaí gasúir! Seo leat anois go bhfeicfidh tú na stáblaí.'

Bhí dhá shúil Dhónaill chomh mór le prátaí agus é ag amharc thart. Thaispeáin an Traenálaí Mór dó an líneáil rubair ar na boscaí stábla agus na sliseoga adhmaid ar an urlár. Mhínigh sé dó go raibh siad ann le nach mbeadh na capaill ábalta iad féin a ghortú. Chuir Dónall Óg suim sa cheol fífe a bhí ag teacht ó stábla in aice leo. Lig an



Traenálaí Mór scairt gháire.

'Ná cuireadh an ceol sin as duit, a bhuachaill. Tá sé maith leis na capaill a shocrú,' a dúirt sé. 'Bíonn cuid de na capaill neirbhíseach agus caithfear a bheith cineálta leo.'

Nuair a bhí gach rud feicthe ag Dónall, suas leo ansin chuig stábla eile gur chuir an Traenálaí Mór é in aithne do William. Stócach sé bliana déag a bhí ann a raibh grágán de ghruaig throm dhubh air.

'Beidh tú ag obair leis an leaid seo. Cuideoidh tú leis na capaill a chothú agus na boscaí a ghlanadh amach. Caithfidh gach aon áit a bheith nite glan. Sin cuid den traenáil le bheith i do mharcach, tá a fhios agat. Ní fada go mbeidh tú ábalta na capaill a thabhairt amach ag sodar. Buail síos go dtí an oifig Dé hAoine agus beidh cúpla scilling acu duit.'

Bhí Dónall Óg chomh sásta le rí. Bhí sé ag obair le Traenálaí Mór Choill na Baice,

agus, dá n-oibreodh rudaí amach go maith, bheadh sé ina mharcach déanta sula i bhfad. Anuas air sin bheadh sé ábalta airgead a thabhairt dá mháthair. Cinnte ní chuirfeadh sí ina éadan ansin.

Bhí William cineál tostach ar dtús ach níorbh fhada go raibh sé ag míniú gach aon sórt fá chapaill do Dhónall Óg. D'inis sé ainmneacha na gcapall dó agus thug comhairle fá chinn a bhí neirbhíseach. Ansin labhair sé fán liosta bia a bhí thuas ar bhalla an stábla. Ba léir go raibh meas mór ag William ar an Traenálaí Mór. Mhol sé go barr bata é.

'Thiocfadh le Mr Brown gabhar a thraenáil le rás capall a bhuachan,' a dúirt sé.

Nuair a bhí siad ag glacadh ceapaire iad féin sa stábla bhí Dónall Óg ag caint ar pheil agus iomáint nuair a bhí William ag caint ar chruicéad agus snúcar. Cé nár léirigh éinne thart fá Dhroichead Thuama suim riamh sa snúcar bhí go leor ceisteanna ag Dónall



Óg fá dtaobh de. Thug William cuireadh dó bualadh síos chuig Tábhairne an Tairbh Dhuibh i gCoill na Baice an tseachtain ina dhiaidh sin. Dar le William bhí cúlsheomra deas snúcair ansin agus bheadh seans ag Dónall triail a bhaint as an snúcar.

Chuaigh an obair sa stábla ar aghaidh go maith agus gach aon duine ag obair go crua. Ba as Coill na Baice na gasúir eile uilig a bhí ag obair ann, agus, seachas William, níor bhac siad le Dónall Óg. Ach ba chuma leis. Ba le croí éadrom a chuaigh sé síos tráthnóna Dé hAoine chuig an oifig gur shín cailín na hoifige clúdach donn chuige lena ainm air. Sháigh sé ina phóca é, suas leis go gasta ar dhroim an phónaí agus shín leis. Siúd amach é trí Bhaile Uí Chinnéide agus síos feadh bhruach na Banna chomh fada le Loch Beag. Stop sé ag crann mór darach. Ba mhaith leis an clúdach a oscailt ar a shuaimhneas sula mbainfeadh sé an baile amach. Bhí dhá leathchoróin agus cúpla bonn eile ann. Léim

a chroí le háthas nó ní raibh an méid sin airgid ina ghlac riamh roimhe sin aige. Léim sé go bródúil ar a phónaí. Ní chuirfeadh a mháthair ina éadan anois!



# 5 Timpiste

Tháinig na deora le Máire Rua Uí Scolláin nuair a shín Dónall Óg a chéadtuarastal chuici. Tharraing sí chuici a sparán agus thug dhá scilling do Dhónall Óg dó féin. Chuir sé gliondar ar chroí an ghasúir aoibh an gháire a fheiceáil ar aghaidh a mháthar.

An lá arna mhárach chuaigh Máire Rua go dtí na siopaí ar an Bhaile Mheánach, mar a dhéanadh sí gach Satharn. Bhí Dónall Óg ag bualadh sliotair lena chamán in aghaidh bhinn an tí nuair a d'imigh a mháthair. Bhí a fhios aige nach mbeadh sí ar ais go dtí go mall tráthnóna. Shocraigh sé go rachadh sé ar a phónaí liath a thabhairt cuairte ar Shéarlaí i mBaile an Easa. Bhí seachtain ann ó bhí sé tigh Shéarlaí roimhe sin. Bhí sé ag dúil lena uncail a fheiceáil agus dreas marcaíochta a



dhéanamh ar an chapall dhubh. Chuir sé an t-adhastar agus an srian ar an phónaí liath agus ar shiúl leis mar a bheadh an ghaoth Mhárta ann.

Cé go raibh an pónaí liath ag dul in aois léim sí thar chlaí agus thar dhíog mar a bheadh cat ann. Nuair a chonaic Dónall Óg toit ag éirí as teach a uncail cois na Banna bhí sé chomh sásta le píobaire. B'fhada leis go mbeadh sé ag insint dá uncail fá dtaobh dá chuid oibre leis an Traenálaí Mór. Níor bhac sé leis an lána a ghlacadh ach ghabh sé aicearra trasna na páirce. Ghríosaigh sé an seanphónaí agus ní raibh fágtha idir iad agus teach Shéarlaí ach an t-aon chlaí amháin. Thug Beití léim mhór. Faraor géar, ba é seo an chéad uair a léim sí an claí áirithe seo. Ní raibh sí ag dréim leis an díog ar an taobh eile.

Chuala Séarlaí an troistneach agus tháinig sé amach fá dheifir. Cad é an alltacht a bhí air nuair a chonaic sé Dónall Óg gafa i dtom

aitinn, é ag screadach agus ag caoineadh le huafás. Bhí an pónaí liath bocht ina luí go hanásta i mbun na díge agus a cosa in airde.



Isteach le Séarlaí de léim sa díog. Thug sé aghaidh ar Dhónall ar dtús. Nuair a bhí sé cinnte nach raibh cnámh briste aige thóg sé suas go cúramach ar an bhruach é agus chuir a sheaicéad timpeall air chun é a choinneáil teolaí. Ansin d'fhéach Séarlaí le cuidiú leis an phónaí. Bhí Dónall ag caoineadh go fóill.

'A Bheití! A Bheití!'

'Bí i do thost, a leanbh. Tá an pónaí greamaithe go holc,' arsa Séarlaí.

Stop Dónall den olagón nuair a thuig sé cad é mar a bhí. D'amharc sé síos agus a chroí ina bhéal.

Bhí deacracht ag Séarlaí an pónaí a chur ar a cosa mar bhí sí ceaptha idir tortóga móra. Bhrúigh sé agus tharraing sé. Bhí an t-allas ag titim de, é féin agus an pónaí ina líbíní báite. Bhí dreach an bháis ar Dhónall leis an eagla agus é ina sheasamh ar an bhruach. Ach, sa deireadh, d'éirigh leis an phónaí na cosa a chur fúithi. Bhí an t-ainmhí bocht tugtha traochta, ach bhí sí slán.

Mhothaigh Séarlaí cosa an phónaí go cúramach le bheith cinnte nach raibh sí gortaithe. D'éirigh sé óna leathghlúin.

'Tá sí ceart go leor, buíochas do Dhia!' a dúirt sé agus crith ina ghlór. 'Dá mbeadh clocha sa díog bheadh a droim briste.'

Ghlan sé a lámha ar an fhéar fhliuch agus thug leis an pónaí isteach chun an stábla. Nigh sé an pónaí go gasta agus thug uisce agus coirce di.

'Shíl mé go raibh do phort seinnte ansin, a chapaillín,' arsa Séarlaí go cineálta le Beití. 'Ach beidh tú go breá.'

Chuir Séarlaí Dónall ina shuí in aice na tine sa teach agus thug sé muga mór tae dó. Bhí an chuma ar Dhónall go raibh sé corraithe go fóill agus bhí sé ag cur crua air cluain a choinneáil ar na deora.

'Caithfidh tú a bheith cróga, a Dhónaill,' arsa Séarlaí. 'Nach dtiteann gach aon mharcach am inteacht? Sin cuid den traenáil.'

‘Ach cad é faoi mo mháthair?’

Bhí níos mó eagla air roimh a mháthair ná roimh thitim ar bith. Chuir an t-uncail suas a dhá lámh.

‘Ná habair a dhath faoi. Gabh tusa ar ais go Coill na Baice tráthnóna Dé Luain, mar is gnách. Siúil leat, a leanbh, agus glan tú féin.’



# 6 Tábhairne an Tairbh Dhuibh

Maidin Dé Luain bhí Dónall Óg agus William ag glanadh amach na stáblaí, mar ba ghnách. Bhí Dónall ag breathnú amach ar na páirceanna móra glasa agus ar na capaill bhreátha a bhí le feiceáil. Bhí sé ag súil go mór le fáil sa diallait ar cheann de na capaill rása.

'Ba mhaith liom marcaíocht ar an chapall bhán sin,' a dúirt sé le William.

Rinne William draothadh gáire.

'Ná gabh in aice léi! Tá sí neirbhíseach agus í an-deacair a smachtú. Tá go leor capall eile ann seachas ise. Gheobhaidh tú do seans luath go leor. Caithfidh tú a bheith foighneach.'

I ndiaidh na hoibre thug William leis



Dónall Óg síos chuig Tábhairne an Tairbh Dhuibh i gCoill na Baice mar a bhí socraithe acu. Chuaigh an bheirt acu ag imirt snúcair ag tábla beag sa chúlsheomra. Bhí gasúir ó stáblaí eile an Traenálaí Mhóir ag imirt ag an phríomhthábla agus gach aon rois de mhionnaí móra acu. Bheannaigh siad go beoga do William ach níor thug siad aird dá laghad ar Dhónall Óg. Cé gur mar a chéile a chaithidís leis ag stáblaí an Traenálaí Mhóir chuir a n-iompar sa tábhairne míshuaimhneas ar Dhónall. Bhí pictiúr de bhanríon agus de bhrat Shasana ar an bhalla fosta, rud nach bhfeicfeadh Dónall Óg sa bhaile fá Dhroichead Thuama riamh. Thuig Dónall go maith go raibh sé in áit nár bhain leis. Smaoinigh sé ar na rudaí a deireadh a mháthair fá mhuintir Choill na Baice. B'fhéidir gurbh fhíor di fá iad a bheith coimhthíoch! Ba mhór an faoiseamh dó sa deireadh an teach tábhairne a fhágáil agus an baile a bhaint amach.



# 7 Iontach Sásta

In ainneoin go raibh Dónall ina éan corr sna stáblaí i gCoill na Baice bhí sé ag baint taitnimh as an obair. Tráthnóna amháin, mí ina dhiaidh sin, tháinig an Traenálaí Mór de rúid isteach sna stáblaí agus d'iarr ar William ceann de na capaill a dhéanamh réidh. Capall donn le moing fhada a bhí sa chapall seo, capall a raibh go leor rásaí bainte aige.

'Seo capall maith, a ghasúir,' a dúirt an Traenálaí Mór le Dónall. 'Beidh William ábalta a insint duit fán dóigh le dul sa diallait agus na cosa a shocrú i gceart sna stíoróipí. Thig leat sodar gairid a dhéanamh le dul i dtaithí ar an chapall.'

Bhí an Traenálaí Mór ar tí imeacht nuair a bhuail smaoineamh é.

‘Fan bomaite, a ghasúir. Tá capall rása nua ceannaithe agam. Beidh giolla de dhíth orm chun aire a thabhairt dó agus é a thraenáil. Feicim go bhfuil tú go maith i gceann do chuid oibre. An mbeifeá sásta an tseachtain ar fad a oibriú nuair a bheas an scoil druidte sa samhradh?’

‘Iontach sásta,’ arsa Dónall Óg, agus gliondar ar a chroí. ‘Go raibh míle maith agat, a dhuine uasail.’